2024/846

31.5.2024

TREOIR TARMLIGTHE (AE) 2024/846 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Márta 2024

lena leasaítear Treoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 agus Treoir 2002/15/CE a mhéid a bhaineann le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014 agus Treoir 2002/15/CE a mhéid a bhaineann le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle ([1]) agus go háirithe Airteagal 9(3) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 9(1) de Threoir 2006/22/CE, ba cheart do na Ballstáit córas rátála riosca a thabhairt isteach do ghnóthais a bheidh bunaithe ar líon coibhneasta agus ar thromchúiseacht choibhneasta aon sáraithe a dhéanfaidh gnóthas aonair ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) nó ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) nó ar fhorálacha náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 9(3) de Threoir 2006/22/CE, leagtar amach liosta de sháruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 agus ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 agus a n-ualú tromchúiseachta in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) D'fhonn ualú thromchúiseacht na sáruithe ar Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 nó (AE) Uimh. 165/2014 a bhunú nó a nuashonrú, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 15a de Threoir 2006/22/CE chun Iarscríbhinn III a leasú d'fhonn forbairtí rialála agus an tsábháilteacht ar bhóithre a chur san áireamh.

(4) Le Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), tugadh isteach forálacha nua maidir le sáruithe as a leanann rioscaí gortuithe tromchúiseacha nó básanna nó saobhadh iomaíochta sa mhargadh iompair de bhóthar. Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn III de Threoir 2006/22/CE a leasú chun na sáruithe nua sin a chumhdach.

(5) Ba cheart a áireamh ar an gcatagóir do na sáruithe is tromchúisí na sáruithe lena gcruthaítear baol mór báis nó gortaithe phearsanta i gcás nach gcomhlíontar forálacha ábhartha Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014,

([1]) IO L 102, 11.4.2006, lch. 35.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).

([4]) Treoir 2002/15/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2002 maidir le heagrú ama oibre daoine atá i mbun gníomhaíochtaí soghluaiste iompair de bhóthar (IO L 80, 23.3.2002, lch. 35).

([5]) Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Treoir seo in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/22/CE.

Airteagal 2

Trasuí

1. Na forálacha reachtaíochta, rialúcháin nó riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh, déanfaidh na Ballstáit iad a thabhairt i bhfeidhm faoin 14 Feabhra 2025 ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Seolaithe

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna déanamh sa Bhruiséil, an 14 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an téacs seo a leanas in ionad Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2006/22/CE:

'IARSCRÍBHINN III

1. Grúpaí sáruithe ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) **(Am tiomána agus scíthe)**

Uimh.	BUNÚS DLÍ AN AONTAIS	AN CINEÁL SÁRAITHE		LEIBHÉAL TROMCHÚISE			
				MSI	VSI	SI	MI
A	**Criú**						
A1	Airteagal 5.1	Ní urramaítear na haoiseanna íosta do stiúrthóirí				X	
B	**Tréimhsí tiomána**						
B1	Airteagal 6.1	Téitear thar an am tiomána laethúil de 9h mura gceadaítear é a shíneadh go 10h	9h < … < 10h				X
B2			10h ≤ … < 11h			X	
B3			11h ≤ …		X		
B4		Téitear thar an am tiomána laethúil 9h faoi 50 % nó níos mó	13h30 ≤ …	X			
B5		Téitear thar an am tiomána laethúil 10h má cheadaítear síneadh ama	10h < … < 11h				X
B6			11h ≤ … < 12h			X	
B7			12h ≤ …		X		
B8		Téitear thar an am tiomána laethúil 10h faoi 50 % nó níos mó	15h ≤ …	X			
B9	Airteagal 6.2	Téitear thar an am tiomána seachtainiúil	56h < … < 60h				X
B10			60h ≤ … < 65h			X	
B11			65h ≤ … < 70h		X		
B12		Téitear thar an am tiomána seachtainiúil 9h faoi 25 % nó níos mó	70h ≤ …	X			
B13	Airteagal 6.3	Téitear thar an am tiomána iomlán uasta i rith 2 seachtaine as a chéile	90h < … < 100h				X
B14			100h ≤ … < 105h			X	
B15			105h ≤ … < 112h30		X		
B16		Téitear thar an am tiomána iomlán uasta i rith 2 seachtaine as a chéile faoi 25 % nó níos mó	112h30 ≤ …	X			

C	Sosanna						
C1	Airteagal 7	Téitear thar am tiomána 4,5h gan bhriseadh sula dtógtar sos	4h30 < … < 5h				X
C2			5h ≤ … < 6h			X	
C3			6h ≤ …		X		
D	**Tréimhsí scíthe**						
D1	Airteagal 8.2	Tréimhse scíthe laethúil neamhleor níos lú ná 11h mura gceadaítear tréimhse scíthe laethúil laghdaithe	10h ≤ … < 11h				X
D2			8h30 ≤ … < 10h			X	
D3			… < 8h30		X		
D4		Tréimhse scíthe laethúil laghdaithe neamhleor níos lú ná 9h má cheadaítear laghdú	8h ≤ … < 9h				X
D5			7h ≤ … < 8h			X	
D6			… < 7h		X		
D7		Tréimhse scíthe laethúil scoilte neamhleor níos lú ná 3h + 9h	3h + [8h ≤ … < 9h]				X
D8			3h + [7h ≤ … < 8h]			X	
D9			3h + [… < 7h]		X		
D10	Airteagal 8.5	Tréimhse scíthe laethúil neamhleor níos lú ná 9h le haghaidh sealaíocht tiomána	8h ≤ … < 9h				X
D11			7h ≤ … < 8h			X	
D12			… < 7h		X		
D13	Airteagal 8.6	Tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe neamhleor níos lú ná 24h	22h ≤ … < 24h				X
D14			20h ≤ … < 22h			X	
D15			… < 20h		X		
D16		Tréimhse scíthe seachtainiúla neamhleor níos lú ná 45h mura gceadaítear tréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe	42h ≤ … < 45h				X
D17			36h ≤ … < 42h			X	
D18			… < 36h		X		
D19	Airteagal 8.6	Téitear thar 6 thréimhse 24h as a chéile i ndiaidh na tréimhse scíthe seachtainiúla roimhe sin	… < 3h				X
D20			3h ≤ … < 12h			X	
D21			12h ≤ …		X		
D22	Airteagal 8.6b	Níl aon sos cúitimh i leith dhá thréimhse scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile			X		
D23	Airteagal 8.8	Tréimhse scíthe seachtainiúla rialta nó aon tréimhse scíthe seachtainiúla os cionn 45h a ghlactar i bhfeithicil			X		

D24	Airteagal 8.8	Ní chlúdaíonn an fostóir costais cóiríochta lasmuigh den fheithicil				X	
E	**Maolú ar riail 12 lá**						
E1	Airtea-gal 8.6a.	Téitear thar 12 thréimhse 24 uair an chloig as a chéile i ndiaidh scíth sheachtainiúil rialta roimhe sin	… < 3h				X
E2			3h ≤ … < 12h			X	
E3			12h ≤ …		X		
E4	Airtea-gal 8.6a. (b)(ii)	Tréimhse scíthe seachtainiúla a ghlactar tar éis 12 thréimhse 24h as a chéile	67h < … < 69h				X
E5			65h < … ≤ 67h			X	
E6			… ≤ 65h		X		
E7	Airtea-gal 8.6a. (d)	Tréimhse tiomána, idir 22.00 agus 6.00, os cionn 3 uair an chloig roimh an sos, i gcás nach ndéantar sealaíocht ar thiomáint na feithicle	3h< … < 4,5h			X	
E8			4,5h ≤...		X		
F	**Eagrúchán oibre**						
F1	Airteagal 8.8a	Ní eagraíonn an gnóthas iompair obair na dtiománaithe sa chaoi gur féidir leis na tiománaithe filleadh ar ionad oibríochtúil an fhostóra, nó filleadh ar áit chónaithe na dtiománaithe			X		
F2	Airteagal. 10.1	An nasc idir pá/íocaíocht agus an t-achar taistil, an luas seachadta agus/nó méid na n-earraí arna n-iompar			X		
F3	Airteagal. 10.2	Ní eagraítear obair an tiománaí nó eagraítear go míchuí í, ní thugtar aon treoir don tiománaí ionas gur féidir leis an dlí a chomhlíonadh nó tugtar treoracha míchuí dó			X		

(*) Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1–14).

2. Grúpaí sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) **(Tacagraf)**

Uimh.	BUNÚS DLÍ	AN CINEÁL SÁRAITHE	LEIBHÉAL TROMCHÚISE		
			MSI	VSI	SI
G	**Tacagraf a shuiteáil**				
G1	Airteagal 3(1), Airteagal (4), Airteagal (4a) agus Airteagal 22	Níl an tacagraf cineálcheadaithe suiteáilte agus ní úsáidtear é	X		
H	**Tacagraf, cárta tiománaí nó leathán taifid a úsáid**				
H1.	Airteagal 23(1)	Úsáidtear tacagraf nach ndéanann ceardlann cheadaithe cigireacht air		X	
H2.	Airteagal 27	Níos mó ná cárta tiománaí amháin a bheith ina sheilbh ag tiománaí agus/nó á úsáid aige		X	
H3		Tiomáintear le cárta tiománaí falsaithe (*a mheastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*)	X		
H4.		Tiomáintear le cárta tiománaí nach sealbhóir an chárta sin é an tiománaí (*a mheastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*)	X		
H5.		Tiomáintear le cárta tiománaí a fuarthas ar bhonn dearbhuithe bréagacha agus/nó ar bhonn doiciméid bhrionnaithe (*a mheastar go bhfuil an tiománaí ag tiomáint gan cárta tiománaí*)	X		

H6	Airteagal 32(1)	Níl an tacagraf ag feidhmiú i gceart *(e.g.: ní dhéantar cigireacht cheart air, níl sé calabraithe ná séalaithe mar is ceart)*		X	
H7	Airteagal 32(1) agus Airteagal 33(1)	Ní úsáidtear an tacagraf mar is ceart *(e.g.: baintear mí-úsáid as d'aon ghnó, nó baintear mí-úsáid dheonach as nó forchuirtear an mhí-úsáid as an tacagraf, tá easpa treoracha ann maidir le húsáid cheart, etc.)*		X	
H8.	Airteagal 32(3)	Tá gaireas calaoiseach san fheithicil nó baintear úsáid as gaireas calaoiseach, ar gaireas é atá in ann taifid an tacagraif a mhodhnú	X		
H9		Déantar sonraí arna dtaifeadadh ar na leatháin taifid nó arna stóráil agus arna n-íoslódáil ón tacagraf agus/nó ón gcárta tiománaí a fhalsú, a cheilt, a shochtadh nó a scriosadh	X		
H10	Airteagal 33(2)	Ní choinníonn an gnóthas leatháin taifid, asphriontaí ná sonraí a íoslódáladh		X	
H11		Níl sonraí arna dtaifeadadh agus arna stóráil ar fáil go ceann bliana ar a laghad		X	
H12	Airteagal 34(1)	Baintear úsáid mhícheart as na leatháin taifid/as an gcárta tiománaí		X	
H13		Déantar na leatháin taifid nó an cárta tiománaí a tharraingt siar gan údarás, rud a bhfuil tionchar aige ar thaifeadadh na sonraí ábhartha		X	
H14		Baintear úsáid as leathán taifid nó cárta tiománaí chun tréimhse is faide ná an tréimhse dá bhfuil sé beartaithe a chumhdach agus caillteart sonraí		X	
H15.	Airteagal 34(2)	Baintear úsáid as leatháin taifid nó cártaí tiománaí atá salach nó a bhfuil damáiste déanta dóibh agus níl na sonraí inléite		X	
H16	Airteagal 34(3)	Ní bhaintear úsáid as ionchur láimhe nuair is gá sin a dhéanamh		X	
H17.	Airteagal 34(4)	Ní bhaintear úsáid as an leathán taifid ceart nó níl an cárta tiománaí sa sliotán ceart (sealaíocht tiomána)			X
H18	Airteagal 34(5)	Baintear úsáid mhícheart as sásra laisc		X	
I	**Faisnéis a tháirgeadh**				
I1.	Airteagal 34(5), pointe (b)(v)	Baintear úsáid mhícheart as an gcomhartha báid farantóireachta/traenach nó ní bhaintear úsáid as			X
I2	Airteagal 34(6)	Ní chuirtear an fhaisnéis is gá ar an leathán taifid		X	
I3.	Airteagal 34(7)	Sna taifid ní thaispeántar siombailí na dtíortha ar thrasnaigh an tiománaí a dteorainneacha le linn na tréimhse oibre laethúla			X
I4	Airteagal 34(7)	Sna taifid ní thaispeántar siombailí na dtíortha ar cuireadh tús agus deireadh le tréimhse oibre laethúil an tiománaí iontu			X
I5.	Airteagal 36	Diúltú seiceáil a bheith déanta		X	
I6	Airteagal 36	Níltear in ann taifid de láimh agus asphriontaí a rinneadh an lá sin agus na 28 lá roimhe sin a tháirgeadh (go dtí an 30 Nollaig 2024) Níltear in ann taifid de láimh agus asphriontaí a rinneadh an lá sin agus na 56 lá roimhe sin a tháirgeadh (ón 31 Nollaig 2024)		X	
I7	Airteagal 36	Ní féidir cárta tiománaí a thabhairt ar aird, má tá cárta tiománaí i seilbh an tiománaí		X	
J	**Mífheidhmiú**				
J1.	Airteagal 37(1) agus Airteagal 22(1)	Níl an tacagraf deisithe ag feisteoir ceadaithe ná ceardlann cheadaithe		X	
J2	Airteagal 37(2)	Ní dhéanann an tiománaí an fhaisnéis go léir is gá a mharcáil le haghaidh na dtréimhsí ama, ar faisnéis í nach bhfuiltear á taifeadadh a thuilleadh agus an tacagraf neamhfhóinteach nó fad a bheidh mífheidhm leis		X	

(*) Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar (IO L 60, 28.2.2014, lch. 1).'